# AR CHUALA TÚ?

Conamara Láir

Pleanáil Teanga Chonamara Láir

## Ard Fheis na nÓg 2023




Bhí Ard Fheis na nÓg na bliana seo ar siúl ar an 26-27ú Aibreáin shuas i nGaoth Dobhair. Eagraíodh an chéad cheann sa bhliain 2019 i Muineachán agus ansin d'fhás sé go himeacht 2 lá, thar oíche i Ros Muc ag tús 2020, áit ar tháinig 80 dalta le chéile i Mí Feabhra. Bhain na daltaí sult as ceardlanna, díospóireachtaí agus turas chuig Teach an Phiarsaigh. Is deis í an Ard-Fheis ardán poiblí a thabhairt do dhaltaí meánscoile agus guth na n-óg a spreagadh. Bíonn deis ag na daltaí cur i láthair a dhéanamh, freastal ar cheardlanna agus díospóireachtaí a dhéanamh lena gcomhscoláirí ó thimpeall na tíre.
Bhí lúchair ar Phleanáil Teanga Chonamara Láir an deis agus tacaíocht a thabhairt do dhaltaí áitiúla chun a bheith in ann taisteal suas go dtí an fhéile agus a bheith rannpháirteach ann. Seo mar a rinne Abaigh Bairéad, dalta atá sa chúigiú bliain i Scoil Phobail Mhic Dara, cur síos ar an bhféile.
"Fuair mé féin, Siobhán, Sinéad, Sorcha agus Nóra deis dul go Ghaoth Dobhair ag Ard Fheis na nÓg na bliana seo. Bhí orainn cur i láthair a dhéanamh faoi 'Todhchaí na Gaeltachta agus Tionchar an Glúin Óg. Bhí sé an-suimiúil agus d'fhoghlaim muid go leor faoin nGaeilge a choinneáil beo agus tábhacht na Gaeilge don Ghaeltacht. Bhí céilí againn an chéad oíche agus bhí an-spraoi againn ann. D'fhan muid thar oíche le bean an tí áitiúil. Rinne muid an cur i láthair ansin maidin Déardaoin os comhair na scoileanna eile, na hoifigigh pleanála teanga agus baill de Chonradh na Gaeilge. D'fhreastal muid ar roinnt ceardlann freisin maidir le an Ghaeilge a spreagadh i measc na n-óg.
Tríd is tríd, bhí an-spraoi againn agus táimid an-bhuíoch as an deis seo a tugadh dúinn."






Mar chuid den imeacht, d'eagraigh Údarás na Gaeltachta mórthionól in Óstán Loch Altan do na hoifigigh pleanála teanga ar fad ó fud fad na tíre. Iarradh ar fhoireann Pleanála Teanga Chonamara Láir cur i láthair a dhéanamh ar na tograí agus scéimeanna atá idir-lámha agus bainte amach acu maidir le cur chun cinn na Gaeilge i measc daoine óga.
Ba mhaith linn ardmholadh a thabhairt do na daltaí ó Chonamara Láir a d'fhreastal ar Ard-Fheis na nÓg 2023 agus a rinne cur i láthair iontach os comhair na rannpháirtithe ar fad. Táimid ag tnúth go mór cheana féin le hArd-Fheis na nÓg 2024!

# Comórtas Peile na Gaeltachta Carna 2028




Tháinig slua bhreá amach chuig an ócáid ar Pháirc Charna ar an 25ú Márta nuair a fógraíodh go hoifigiúil go mbeidh Comórtas Peile na Gaeltachta dhá reáchtáil i gCarna i 2028, tráth a bheas an cumann ag ceiliúradh 100 bliain a bhunaithe. Roinneadh eolas chomh maith faoi na háiseanna nua poiblí spóirt a bheas á thógáil. Ní fada uainn anois é agus táimid ag súil go mór leis.




***Baill den choiste tacaíochta nua don chomórtas***




***Óige an cheantair ag súil go mór le Comórtas Peile na Gaeltachta 2028!***




## Tour chuig na Rossan 2023

Mar chuid den chéad chéim sa bhfeachtas bailiúcháin sin tá grúpa rothaithe ón gcumann chun babhta rothaíochta 320km a dhéanamh 'Tour chuig Na Rossan- Cárna Caiseal 2023' ag dul ó pháirc Chárna go páirc Naomh Muire íochtar Na Rosann i nDún na nGall. Mairfidh an rothaíocht dhá lá agus fágfaidh na rothaithe páirc Chárna ar an Déardaoin 1ú Meitheamh agus súil acu íochtar na Rosann a shroichint trathnona dé hAoine, an 2ú Meitheamh in am don chéad chluiche i gComórtas Peile na Gaeltachta 2023.

Is féidir dul go dtí www.idonate.ie/fundraiser/CarnaCaiseal2023 nó má tá fón póca agat is féidir an cód MF 'QR Code' seo ar chlé a scanáil ag úsaid do cheamra

# CAMPA CÁSCA- 'MOL AN ÓIGE'

***Bhí ríméad ar Phleanáil Teanga Chonamara Láir an Campa Cásca a reáchtáil arís i mbliana. D'fhreastal 37 gasúr ar Champa Mol An Óige i gColáiste Chuimhneacháin an Phiarsach, Rosmuc.***



***Ba campa Gaeilge a bhí i gceist lán le himeachtaí agus cluichí iontacha. Buíochas mór le Fiona Bhreathnach a bhí os cionn an champa agus le Aisling Ní Neachtain, Gráinne Ní Chonaire agus Áine Uí Ghríofa a bhí mar chúntóirí.***

# Clár CUMASÚ

**Reáchtáladh comóradh ar mhná Gaeltachta i mbun gnó, agus clabhsúr á chur ar an gcéad chlár píolótach do mhná Gaeltachta i mbun fiontraíochta, CUMASÚ ar an 31 Márta in Óstán Chois Fharraige. Is comhpháirtnéireacht é CUMASÚ idir Údarás na Gaeltachta agus EMPOWER, clár fiontraíochta do mhná atá á reáchtáil tríd moil nuálaíochta Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh ó 2017. Bhí mná as chuile réimse de shaol gnó na Gaeltachta i láthair, Conamara Láir san áireamh, agus bhí deis le linn na hócáide éisteacht le cuid de mhná ceannródaíocha na Gaeltachta agus iad ag déanamh cur síos ar an aistear a bhí acu go dtí seo. Ba é an tAire Stáit sa Roinn Fiontair Trádála agus Fostaíochta, Dara Calleary T.D. a bhronn na teastais ar na rannpháirtithe. Dúirt cathaoirleach sealadach Údarás na Gaeltachta , Mary Uí Chadhain: "Óna gcuid oibre sna pobail Ghaeltachta, chonaic an tÚdarás go raibh gá díriú go sonrach ar mhná a bhí ag iarraidh dul i mbun gnó agus is as sin a d'eascair an comhpháirtíocht seo idir Údarás na Gaeltachta agus EMPOWER. Is ardú croí domsa inniu é na mná Gaeltachta seo a fheiceáil cruinnithe le**




**chéile, idir mná atá ag plé le cúrsaí gnó agus fiontraíochta le fada agus na mná agus atá ag tosaí amach ar a n-aistear. Tá mé cinnte go mbeidh muid ábalta tógáil ar an méid atá ar siúl anseo inniu againn agus leanacht orainn ag tacú le mná a bhfuil smaointe gnó fiúntracha acu, agus dá réir, ag tacú le pobal na Gaeltachta.". Ba mhaith le foireann Chonamara Láir comhghairdeas ó chroí a dhéanamh leis na mná ar fad agus go háirithe leis na céimithe ó Chonamara Láir.**

## *Tar ag obair i gConamara Láir!*

**Le linn saoire na Cásca, bhí 10 nduine ag obair ó mhol teicneolaíochta Charna ó mhic léinn, oibrithe iargúlta agus oibrithe lánaimseartha.**

**Tá deiseanna iontacha amuigh ansin chun poist cianfhostaíochta lánaimseartha/páirtaimseartha a fháil ar fud na n-earnálacha uilig.**

**Téigh chuig suíomh idirlín Údarás na Gaeltachta agus Grow Remote chun breis eolais a fháil**

**Chun deasc i gteic@Carna a chur in áirithe seol ríomhphost chuig carna@gteic.ie.**

**Aimsigh an post nó gairme bheatha a thaitníonn leat agus fan nó filleadh ar ais go Conamara Láir !**




## Cúinne Scéilín & an Clár Cuideachta



***Tá an Clár Cuideachta i bhfeidhm don dara bliain as a chéile ag Tuismitheoirí na Gaeltachta & Pleanáil Teanga Chonamara Láir. Tá an clár dírithe ar theaghlaigh le gasúir ó 0-4 bliana agus is deis iontach é chun bheith i gcomhluadar teaghlaigh le gasúir san aoisghrúpa céanna agus ag tógáil a gclainne le Gaeilge. Bíonn na hócáidí ar fad ar bun trí Ghaeilge. Cuireadh tú leis an chéad ócáid i mbliana ar an 14ú Aibreáin. Reáchtáladh Cúinne Scéilín i gColáiste Cuimhneacháin na bPiarsach agus is í Sorcha Ní Chéide a léigh cúpla scéal beag álainn dóibh. Mar eolas, tá roinnt spásanna fágtha fós ar an gclár. Má tá suim agat clárú, seol ríomhphost chuig meadhbh@tuismitheoiri.ie***






# Cruinniú Boird Údarás na Gaeltachta i gCill Chiaráin

**Is in Ionad Pobail Chill Chiaráin a bhí an chruinniú míosúil ag Bord Údarás na Gaeltachta ar an 21ú Aibreáin agus cuireadh fáilte chroíúil roimh bhaill an choiste. Rinne Forbairt Chonamara Láir Teo. cur i láthair don bhord. Ba deis iontach a bhí ann chun léargas thabhairt ar an obair atá ar siúl ag an eagraíocht, agus ar na pleananna atá á fhorbairt acu.**

**Dúirt Príomhfheidhmeannach Údarás na Gaeltachta, Tomás Ó Síocháin:**

**"Is iontach an deis é cruinniú an lae inniu le léargas a fháil arthionchar chláracha an Údaráis ar cheantar Iorras Aithneach, mar shampla dúinn do cheantair dá leithead ar fud na Gaeltachta. Fuair muid eolas luachmhar anseo inniu ón gcur i láthair a rinne Fóram Chonamara Láir dúinn, faoin tábhacht atá le tacaíocht Údarás na Gaeltachta do Iorras Aithneach, áit ina bhfuil an Ghaeilge ag croílár an phobail agus na gníomhaíochtaí pobail ar fad a bhfuil muid ag tacú leo'.**







## Gradam faighte ag Fiontraithe Óga ó Scoil Phobail Mhic Dara

Comhghairdeas ó chroí le **Anseo Anois**, togra de chuid Scoil Phobail Charna, a thug leo an Gradam Nuálaíochta ag babhta ceannais Chlár na gComhlachtaí a reáchtáladh in Óstán Chois Fharraige sna Forbacha ar an 20ú Aibreán. Is togra fíor-dhifriúil agus fíor-speisialta é- geansaí spóirt agus cód QR air ag léiriú tacaíochta agus treoir do dhaoine óga le deacrachtaí meabhairshláinte.



Coiste Gaeilge Choláiste na bPiarsach bródúil as a ngeansaithe a bhronn Pleanáil Teanga Chonamara Láir orthu.






# Nuacht ó FÓRAM

**Tá FÓRAM chun comhdháil á reáchtáil i gConamara i dTeach an Stáisiúin, An Clochán ar 8 Bealtaine. Is éard atá i gceist leis ná tuairimí an phobail a fháil ar an gcéad Chlár LEADER eile '23 go dtí '27 ach freisin le tabhairt ar ais – beidh eolas ar mhaoiniú, acmhainní, agus deis chun líonrú le daoine aonair, gnólachtaí agus eagraíochtaí pobail eile atá ar aon intinn leo. IONTRÁIL SAOR IN AISCE agus fáilte roimh chách.**










## *Cliabhán Gnó Chonamara Láir*

An bhfaca sibh go bhfuil comharthaí Gaeilge Pleanála Teanga Chonamara Láir ar taispeáint ag an Green Bee ina Siopa Ionracais nua i gCamus? Thóg siad an siopa nua in áit an tseanbhosca beag ionracais ag tús na bliana chun go mbeadh níos mó spáis acu le freastal ar an réimse táirgí atá le tairiscint acu agus atá ag dul i méid.

Má theastaíonn comharthaí Gaeilge uait le haghaidh do ghnó, tá siad le fáil ach teagmháil a dhéanamh linn. Tá comharthaí éagsúla againn ar nós 'Fáilte', 'Go raibh maith agat', 'Oscailte/Dúnta', srl.

Is bealach simplí ach éifeachtach é seo chun an Ghaeilge a bheith níos feiceálaí sa láthair ghnó.



## *Amhránaithe óga ón gCaiseal*

***Comhghairdeachas le Ailbhe agus Sofia Ní Flátharta a fuair cuireadh chun Amhrán na bhFiann a chanadh ar an bpáirc ag an gcluiche idir Gaillimh agus Ciarraí le déanaí (26/03/22)***

## Amchlár

TFI local link Gaillimh

**432 An Cheathrú Rua go dtí an Clochán**
**Lá: An Luan go dtí an Domhnach (Seirbhís seasta)**

| Áit Imeachta | Stadanna | An Luan go dtí an Domhnach | | |
|---|---|---|---|---|
| An Cheathrú Rua | *Eurospar* | 06:30 | 11:10 | 15:50 |
| Casla | *Crosbhóthar Raidió na Gaeltachta* | 06:35 | 11:15 | 15:55 |
| Scríb | *An Crosbhóthar* | 06:45 | 11:25 | 16:05 |
| Ros Muc | *An Crosbhóthar* | 06:55 | 11:35 | 16:15 |
| Cill Chiaráin | *Oifig an Phoist* | 07:05 | 11:45 | 16:25 |
| Carna | *Oifig an Phoist* | 07:13 | 11:53 | 16:33 |
| Carna | *An Crosbhóthar* | 07:15 | 11:55 | 16:35 |
| Leitheanach | *Óstán Theach Mór Tuaithe Zetland* | 07:30 | 12:10 | 16:50 |
| Cloch na Rón | *Stad 419 de chuid Bhus Éireann* | 07:46 | 12:26 | 17:06 |
| Baile Conaola | *Leaba is Bricfeasta Keogh* | 08:01 | 12:41 | 17:21 |
| An Clochán | *Stad Bus Shráid an Mhargaidh* | 08:16 | 12:56 | 17:36 |

**432 An Clochán go dtí an Cheathrú Rua**
**Lá: An Luan go dtí an Domhnach (Seirbhís seasta)**

| Áit Imeachta | Stadanna | An Luan go dtí an Domhnach | | |
|---|---|---|---|---|
| An Clochán | *Stad Bus Shráid an Mhargaidh* | 08:50 | 13:30 | 18:10 |
| Baile Conaola | *Os comhair Leaba is Bricfeasta Keogh* | 09:05 | 13:45 | 18:25 |
| Cloch na Rón | *Stad 419 de chuid Bhus Éireann* | 09:20 | 14:00 | 18:40 |
| Leitheanach | *Óstán Theach Mór Tuaithe Zetland* | 09:36 | 14:16 | 18:56 |
| Carna | *An Crosbhóthar* | 09:51 | 14:31 | 19:11 |
| Carna | *Oifig an Phoist* | 09:53 | 14:33 | 19:13 |
| Cill Chiaráin | *Oifig an Phoist* | 10:01 | 14:41 | 19:21 |
| Ros Muc | *An Crosbhóthar* | 10:11 | 14:51 | 19:31 |
| Scríb | *An Crosbhóthar* | 10:21 | 15:01 | 19:41 |
| Casla | *Crosbhóthar Raidió na Gaeltachta* | 10:31 | 15:11 | 19:51 |
| An Cheathrú Rua | *Eurospar* | 10:36 | 15:16 | 19:56 |

# Coirnéal Chomhrá



**Aoí na Míosa: Grace Nic an Iomaire**

***(Dalta ó Scoil Phobail Mhic Dara & Aisteoir ón gclár teilifíse 'Saol Ella')***

**1. Aon ainm eile ar a bhfuil aithne ag daoine ort?** Tugann mo chlann 'Gracie' orm scaití agus bhíodh m'uncail ag glaoch 'Grapes' orm nuair a bhí mé óg chun mé a chur ag gáire.
**2. Cén ceantar ina bhfuil cónaí ort?** Is as an Áird Mhóir mé ach táim mo chónaí faoi láthair i gCarna.
**3.Cén tairbhe a bhaineann tú as an nGaeilge?** Tá grá mór agam don Ghaeilge agus le gairid anuas tuigim go bhfuil an oiread deiseanna iontacha amuigh ansin más cainteoir líofa tú. Fuair mé féin an deis anuraidh a bheith páirteach sa chlár nua teilifíse 'Saol Ella' atá á thaispeáint faoi láthair ar TG4.
**4.Céard é an boladh is fearr leat?** Is breá liom an boladh a bhíonn ar leabhair nua agus boladh móna.
**5.Cén bialann is mó a thaitníonn leat?** Deacair ceann a roghnú ach b'fhéidir 'Shake Dog' i nGailllimh- is maith liom an stíl reitreo.
**6.Cén clár teilifíse a bhfuil tú ag féachaint air faoi láthair?** Déarfainn gurb é seo mo chúigiú huair ag breathnú arís ar Gilmore Girls! Ach mhol cara liom an clár 'Gossip Girl' mar sin táim díreach tar éis tosú ag féachaint air
**7.An bhfuil caitheamh aimsire faoi leith a thaitníonn go mór leat?** Léamh, ag seinm an fheadóg mhór, ag éisteacht le ceol agus drámaíocht/aisteoireacht.
**8. An saoire is mó a thaitin leat & cén fáth?** Caithfidh mé a rá gur bhain mé an-taitneamh as Disneyland i bPáras le mo thuismitheoirí agus mo chol ceathrair Katie. Bhí an-spraoi agus craic againn!
**9. Cén cineál scannán a bhfuil suim agat iontu?** Is maith liom na scannáin fantaisíochta ar nós Harry Potter, scannáin aicsin, go háirithe na cinn Marvel, agus scannáin uafáis!
**10.An bhfuil aon leabhar á léamh agat faoi láthair?** I láthair na huaire, tá mé ag léamh an leabhar 'Cheat Sheet' a scríobh Sarah Adams.
**11. An noiméad den lá is fearr leat?** An nóiméad sin tar éis lá fada nuair atá mé deas teolaí sa mbaile.
**12. An t-am den bhliain is fearr leat?** Oh is BREÁ liom Oíche Shamhna! Is lá mór i gcónaí é i dteach s'againne.
**13.An chomhairle is fearr a cuireadh ort:** Ná bí faoi strus agus déan níos mó de na rudaí a thaitníonn leat.



## Comórtas Grianghrafadóireachta

Comhghairdeas mór le Dolores Uí Mhadaoin a bhuaigh comórtas mhí Aibreáin.
Nach álainn iad na h-uain óga? Tógadh an grianghraf seo i nGabhla.
Seolaigí bhur ngrianghraif do chomórtas mhí Bealtaine chuig ocpt@conamaralair.ie le seans féirín beag deas a fháil ó Phleanáil Teanga Chonamara

## Logainm na Míosa:

### Caladh an Chnoic

*Ciallaíonn 'caladh' sa chás seo talamh bog riascach atá suite cois abhainn agus faoi chnoc*

## Seanfhocal na Míosa:

### Ceathanna Aibreáin a neartaíonn na fearbáin

### Bí i dteagmháil linn!


opt@conamaralair.ie
ocpt@conamaralair.ie


**Meáin Shóisialta**

Conamara Láir
conamaralair
@ConamaraLair

'Ár dTeanga- Labhair í 's Bí Bródúil!'

Pleanáil Teanga Chonamara Láir

Conamara Láir


**Fógra Séanta: Ní ghlacann Forbairt Chonamara Láir Teo./ Pleanáil Teanga Chonamara Láir freagracht as aon ábhar ó tríú pháirtí atá curtha i gcló ar an nuachtlitir seo.**